

Tá athruithe suntasacha curtha i gcrích ag RTÉ le dhá bhliain anuas ó thaobh ár gcur chuige i leith na Gaeilge, agus é mar fheidhm againn go mbeadh an Ghaeilge fite fuaite i ngach a dhéanann muid, seachas í bheith fágtha go príomha faoi chúram ár gcuid seirbhísí Gaeilge amháin.

Sular seoladh plean Mheáin Ghaeilge RTÉ in 2015, ní raibh polasaí Gaeilge ag RTÉ. An rud a rinneadh, nó nach ndearnadh, i leith na Gaeilge, tharla sé ar bhonn seirbhísí tiomanta Gaeilge, agus ba mhinic gur tharla sé ar bhonn ad hoc.

Le polasaí comhtháite, agus plean len polasaí sin a chur i bhfeidhm, níl seo amhlaidh níos mó. Is cur chuige nua i leith na Gaeilge in RTÉ atá i gceist leis an bplean Meáin Ghaeilge, cur chuige trína bhféachtar leis an obair a dhéantar trí Ghaeilge a thabhairt amach thar thairseach rannóga gnó faoi leith agus í a bheith níos forleithne, seachas í a fhágáil mar chúram orthu siúd atá fostaithe i seirbhísí Gaeilge RTÉ amháin.

Tá an Plean dhá chur i bhfeidhm agus muid airdeallach ar na míreanna éagsúla reachtaíochta a leagann amach dualgais RTÉ i leith na Gaeilge; an tAcht Craolacháin 2009, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus, ar ndóigh, Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge.

Ach féachann muid, inár gcur chuige nua, le haghaidh a thabhairt ar níos mó ná reachtaíocht agus straitéis amháin. Ní hamháin gur cuid d'oidhreacht agus de chultúr na tíre an teanga, is gnáthchuid den saol laethúil í ag na mílte daoine in Éirinn. Is cuid lárnach den dualgas a leagtar ar RTÉ léiriú a thabhairt ar shaol na hÉireann trí sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge – feiceann muid sin ní mar dhualgas a chaithfear a chomhlíonadh, ach mar dheis atá le tapú.

Tá an Ghaeilge ar cheann de na tréithe sainiúla a bhaineann le RTÉ. Tá sí ar cheann de na gnéithe a idirdhealaíonn RTÉ ó na seirbhísí a bhfuil muid in iomaíocht leo maidir le lucht féachana agus éisteachta, ní hamháin i measc seirbhísí tráchtála raidió agus teilifíse in Éirinn féin, ach i measc na scórtha branda ilnísiúnta atá i mbun iomaíochta le meáin chumarsáide na hÉireann.

Deis eile í an Ghaeilge ó thaobh meon dearfach a chothú i leith an bhranda, go háirithe i measc na n-aoisghrápaí óga is tábhachtaí, chomh maith le luach breise tráchtála a chruthú, mar is léir ó thaighde atá déanta ag Millward Brown, IPSOS MRBI, Forfás agus eile.

Agus cé go bhfuil beagnach 100 gníomh sa bplean, tá an sprioc foriomlán níos suntasaí ná na gníomhartha aonaracha, sé sin go mbeadh an Ghaeilge fite fuaite go nádúrtha i ngach a dhéanann RTÉ, agus gur gnáthrud a bheadh ann in Éirinn an Ghaeilge a chloisteáil ar na tonnta náisiúnta, ar sheirbhísí seachas díreach RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 amháin.

I measc na ngníomhartha is mó a bhfuil aird an phobail tarraigthe acu go dtí seo, tá an rogha tráctaireachta in dhá theanga ar chluichí CLG agus cluichí sacair Chraobhacha na hEorpa; an t-ardú atá tagtha ar úsáid na Gaeilge i bhfógraí leanúnachais ar RTÉ One agus RTÉ2; agus an úsáid rialta a bhaintear as an nGaeilge ar chuntais Twitter RTÉ.

I measc na ngníomhartha eile atá imithe i bhfeidhm go dearfach ar an bpobal ó seoladh an plean, tá: úsáid an leagan Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta ar fheasacháin nuachta; feasacháin Nuachta Gaeilge ar Radio One á gcraoladh ar bhuille na huaire seachas ag amanna eile ar an gclog; suíomh idirlín faoi leith cruthaithe don Ghaeilge; agus táirgí nua digiteacha ar nós An Seinnteoir Raidió agus aipeanna agus suíomhanna idirlín Gaeilge Saorview.

Fuair leagan Gaeilge d'amhrán Ed Sheeran, Thinking Out Loud, a sheol 2fm agus Conradh na Gaeilge mar chuid d'albam lán-Ghaeilge, clúdach domhanda. Lean an fócas ar dhaoine óga nuair a d'fhorbair muid cúrsa i nGaeilge sna meáin, a bhí dírithe ar dhaltaí idirbhliana ar fud na tíre, agus a bhí lonnaithe i nGaeltacht Chonamara agus eagraithe i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. Go deimhin, tá 2fm mar chuid lárnach den idirghníomhafocht leis an bpobal níos óige, le cláracha agus brandáil dátheangach mar chuid de chur chuige nua na seirbhíse.

Tá muid tar éis cur leis an méid Gaeilge a bhíonn againn ar an teilifís freisin, ag úsáid meascán de chláir ón earnáil neamhspleách, chomh maith le hábhar atá cruthaithe ag ár rannóg inmheánach teilifíse Gaeilge, agus méadú de 25% ar an méid Gaeilge a chraol muid le bliain anuas. Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios go bhfuil tionchar mór ag na cláracha sin. Meallann cláracha Gaeilge ar RTÉ lucht féachana de breis agus 200,000 duine ar bhonn rialta, agus le cois 300,000 duine ó am go chéile, figiúirí suntasacha i bhfianaise an athraithe atá tagtha ar nósanna féachana teilifíse sa lá atá inniu ann. Tá cinneadh tóigh agagainn freisin cláracha Gaeilge a bhogadh amach as amanna sceidealaithe traidisiúnta, nuair a oireann sin.

Sa gcéad bliain den phlean gnímh, chraol muid os cionn 118 uair an chloig de theilifíse Ghaeilge ar RTÉ One agus RTÉ2; thug muid faoi bheagnach 1,000 fógra leanúnachais as Gaeilge; chraol muid 140 uair an chloig de theilifíse do leanaí i nGaeilge ar RTÉjr; agus sheol amach os cionn 10,000 tvuít i nGaeilge ar fud ár gcuntas éagsúla.

Go deimhin, is cuid lárnach de phlean Gaeilge RTÉ é an cur chuige digiteach, agus tá muid ag obair go dlúth le Roinn na Gaeltachta ó thaobh gnéithe den phlean a bheith ag teacht le spriocanna digiteacha Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge.

In ionad bheith ag cruthú seirbhísí ar líne i nGaeilge a bheadh scoite amach ónár gcuid táirgí digiteacha eile, tá muid ag baint triail as cur chuige nua - an Ghaeilge a chur i lár an aonaigh. Mar shampla, nuair a sheol muid seirbhís nuachta Gaeilge ar líne, chuir muid isteach í i gceann de mhór-sheirbhísí nuachta ar líne na hÉireann – News Now - seachas suíomh nó aip ar leith a fhorbairt di. Tugadh cuairt ar leathanaigh Nuacht ar News Now 3.5 milliún uair le linn na chéad bhliana den phlean digiteach a bheith in áit.

Tá an cur chuige céanna againn i dtaobh na meán sóisialta de. In ionad cuntas ar leith Gaeilge a chruthú ar Twitter, dhírígh muid ina ionad sin ar an bpríomhchuntas atá ag RTÉ agus ar an mbeagnach leathmilliún leantóir atá againn. I gcaitheamh an lae, meascann muid na tvuítteanna i mBéarla le tvuítteanna i nGaeilge, le go mbeadh sé ina rud nádúrthaanois teacht ar tvuít i nGaeilge ar d'amlíne Twitter. Tá an rud céanna déanta againn le cuntas meán sóisialta eile agus tá an t-aiseolas atá faigte go dtí seo againn thar a bheith dearfach. Tagann sé i dtír ar an dearfacht i leith na teanga a fheiceann muid go háirithe i measc an leath is óige den daonra. Ní fheictear é mar idirghabhálachas ná tada dá shórt ó thaobh RTÉ de, agus ina bhealach féin, déanann sé an Ghaeilge a normalú trí tvuítteanna i nGaeilge ó RTÉ a bheith ag teacht anois ar d'amlíne. Is cuid laethúil í an Ghaeilge i do shaol anois ar bhealach nach raibh amhlaidh roimhe seo.

Tá suíomh idirlín nua Gaeilge seolta le gairid againn mar chuid de rte.ie, ach seachas bheith ag dul chomh fada le rte.ie/gaeilge, agus chuige sin amháin chun teacht ar ábhar Gaeilge ar líne, tá an fhealsúnacht a bhaineann le ‘fite fuaite’ curtha i bhfeidhm ansin freisin againn. Tá ábhar ón suíomh

Gaeilge foilsithe i rannáin ábhartha eile ar rte.ie. Mar shampla, i measc na n-altanna i mBéarla ar RTÉ Culture nó RTÉ Lifestyle, tiocfaidh tú ar altanna i nGaeilge measctha tríothu.

Díreach an tseachtain seo caite, sheol muid sraith nua podchraoltaí, Beo ar Éigin. Is rud úrnua é seo i nGaeilge mar gur podchraoltaí digiteacha amháin iad, seachas iad bheith craolta ar an raidió roimh ré.

Ag úsáid mo ról mar Ghrúpcheannasaí Gaeilge, tá muid tar éis cur lenár n-idirghníomhaíocht le pobal labhartha na Gaeilge agus le heagras Ghaeilge. Feiceann muid an tábhacht a bhaineann le bheith ag gníomhú i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha, agus tá muid ag obair go dlúth le heagras Ghaeilge agus le hinstiúidí oideachais.

Tá muid ag obair le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le hlonad Barr Feabhas i dtraenáil na meán a fhorbairt, chun todhchaí an tionscail trí Ghaeilge a chinntiú. Is dúshlán é do chraoltóireacht na Gaeilge daoine cumasacha a bhfuil tuiscint sna meáin agus líofacht sa teanga acu a fhorbairt, agus is rud é sin a bhfuil uainn a chinntiú don am atá amach romhainn, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Dúshlán eile atá againn is ea ár gcuid lucht éisteachta agus lucht féachana Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais éagsúla na ngrúpaí sin, le gur féidir linn freastal orthu ar an mbealach is fearr. Chuige sin, tá muid ag obair i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le TG4 maidir le togra taighde lucht éisteachta, le gur féidir linn teacht a bheith againn ar na sonraí a bhaineann le riachtanais lucht éisteachta agus lucht féachana Gaeilge, dár gcuid seirbhísí craolta agus seirbhísí ar líne, ag freastal go sonrach freisin ar riachtanais sonraí éisteachta RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Sa mullach ar dhúshlán ar nós lucht éisteachta agus forbairt foirne, tá, ar ndóigh, dúshlán shuntasacha againn mar eagraíocht mheáin seirbhíse poiblí, a bhaineann le maoiniú agus le bunchloch airgeadais a chinntiú don todhchaí.

Go dtí seo, cuireadh Plean Mheáin Ghaeilge RTÉ i bhfeidhm ar bhealach thar a bheith éifeachtach, ó thaobh costas de. Baineadh go leor tograí amach trí bheith ag úsáid acmhainní atá againn cheana féin agus trí thabhairt faoi chomhpháirtíochtaí. Tá sé léirithe go soiléir ag RTÉ, ó seoladh ár bplean Gaeilge, go bhfuil muid in ann tionchar suntasach a bheith againn ar an nGaeilge, ar normalú na teanga i sochaí na hÉireann agus ar thodhchaí na teanga mar theanga bheo. Dhá thabhairt sin san áireamh, creideann muid go bhféadfadh muid tionchar níos mó fós a bheith againn ar an teanga ach na hacmhainní cuí a bheith againn.

Sampla de chomhcheangal éifeachtach idir ábhar s'againne agus comhpháirtíochtaí, is ea togra atá ar bun againn i gcomhar le hOllscoil Uladh maidir le táirge digiteach a chruthú ag úsáid an ábhair atá againn cheana, chun Gaeilge líofa a chur ar chluasa éisteoirí raidió nach bhfuil líofa, agus sin a úsáid mar chuireadh chun éisteacht lenár gcuid príomhsheirbhísí Gaeilge. Tá muid ag obair leo freisin ar thogra neamhghnách a bhaineann le fotheidil ar raidió.

Tá muid ag obair ar leagan nua Gaeilge den RTÉ Player, chomh maith le lár-ionad a chruthú ar an Player d'ábhar Gaeilge. Tá muid ag obair ar thogra eile a fhágfaidh go mbeidh tú in ann an chéad leagan eile de Saorview ar do theilifís a bheith agat go hiomlán trí Ghaeilge.

Déanann RTÉ níos mó ná €20 milliún in aghaidh na bliana a infheistíú i seirbhísí agus in ábhar clár Gaeilge. Tá dhá ghné lenár gcur chuige, mar a luaignéar ball beag. Déanann muid soláthar ar chroí-sheirbhísí Gaeilge ar nós RTÉ Raidió na Gaeltachta, Nuacht, Cláracha Gaeilge agus rte.ie/gaeilge, chomh maith lena chinntiú go bhfuil an Ghaeilge fite fuaite trínár gcuid seirbhísí éagsúla.

Tá muidanois ag féachaint ar thógáil tuilleadh ar ár gcur chuige i leith na Gaeilge, agus muid i mbun comhráite le TG4 maidir le cur chuige nua, suntasach agus dearfach. Fágfaidh an caidreamh nua seo go mbeidh RTÉ in ann tabhairt faoinár ndualgais uair an chloig in aghaidh an lae a sholáthar, de réir an Acht Craolacháin, ar bhealach a bheidh níos tairbhí do TG4. Tá muid ag féachaint ar bhealaí freisin inar féidir linn cuidiú cur le feiceálacht TG4, ag úsáid ár gcuid ardán craolta agus ar líne. Feiceann muid seo mar dhis shuntasach an Ghaeilge a chur chun cinn tuilleadh, trí bheith ag obair níos gaire dá chéile, agus d'fháilteodh muid roimh an deis filleadh ar an gComhchoiste seo, i gcomhar le TG4, san am atá amach romhainn nuair atá an comhoibriú feabhsaithe seo forbartha agus aontaithe ina ionláine.